**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

**DÉ CÉADAOIN, 17 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN 9.30-12.00**

# EACNAMAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint as freagairt shoiléir ghonta agus as ord slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT.**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Líon isteach na focail atá in easnamh sna spásanna thíos agus comhlánaigh ainmneacha na n-eagraíochtaí / institiúidí .

(i) **CAI** __________ __________ Idirnáisiúnta

(ii) **AE** An tAontas __________

(iii) **BCE** Banc __________ __________ **(16 mharc)**

**2.** Tá Eisimirce ghlan na saoránach Éireannach ag méadú.
Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus tabhair cúis eacnamaíochta **amháin** leis.

**Míniú:** ____________________

**Cúis:** ____________________

**(16 mharc)**

**3.** Chun go n-áirítear mar leas eacnamaíoch iad, ní mór do thráchtearra nó do sheirbhís a bheith inaistrithe agus caithfidh áirgiúlacht a bheith ag baint leis.
Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**Inaistrithe:** ____________________

**Áirgiúlacht:** ____________________

**(16 mharc)**

**4.** Tá feabhsú bhonneagar na tíre ar cheann d'aidhmeanna eacnamaíochta Rialtas na hÉireann.
Luaigh **dhá** aidhm eacnamaíochta eile de chuid an rialtais.

(i) ____________________

(ii) ____________________

**(16 mharc)**

**5.** I gcás gach mír díobh seo a leanas:

**Leictreoir Innealra Úinéir Gnólachta Ola**

cuir in iúl sna spásanna folmha thíos cén toisc tháirgeachta a léiríonn sé.

| Toisc | TALAMH | SAOTHAR | CAIPITEAL | FIONTAR |
|---|---|---|---|---|
| Léirithe ag | | | | |

**(16 mharc)**

**6.** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil gá ag geilleagar na hÉireann le fiontraithe.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(17 marc)**

**7.** Is í seo a leanas an fhoirmle do Leaisteachas Ioncaim an Éilimh:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta Y} \times \frac{Y_1 + Y_2}{Q_1 + Q_2}$$

Comhlánaigh an tábla a leanas chun a léiriú cad dó a seasann gach ceann de na siombailí thuas:

| | |
|---|---|
| $\Delta Q$ | |
| $\Delta Y$ | Athrú ar ioncam tomhaltóra |
| $Y_1$ | |
| $Y_2$ | |
| $Q_1$ | Cainníocht tosaigh an earra atá á éileamh |
| $Q_2$ | |

**(17 marc)**

**8.** Luaigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a bheadh ann don tír seo dá laghdódh saoránaigh an leibhéal bruscair ar shráideanna na hÉireann.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(17 marc)**

**9.** Maidir leis na smaointe eacnamaíochta atá liostaithe thíos, meaitseáil an smaoineamh leis an eacnamaí a luaitear leis.

| Smaoineamh eacnamaíochta | | Eacnamaí | |
|---|---|---|---|
| **A.** | Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh | **1.** | Adam Smith |
| **B.** | Laissez Faire | **2.** | John Maynard Keynes |
| **C.** | Teoiric an Daonra agus Soláthar Bia | **3.** | David Ricardo |
| **D.** | Iolraitheoir | **4.** | Thomas Malthus |

| Smaoineamh Eacnamaíochta | **A** | **B** | **C** | **D** |
|---|---|---|---|---|
| Eacnamaí | | | | |


**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

## ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1**. Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **Iomaíocht Fhoirfe.**




(a) (i) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar.
Comhlánaigh/scríobh amach ina n-iomláine gach ceann de na **sé** lipéad a bhfuil líne fúthu.

(ii) Tarlaíonn cothromaíocht ag **pointe G** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:

- An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid lipéad $Q_1$)
- An praghas a ghearrfar ar an aschur seo (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir (úsáid lipéad $C_1$)

(30 marc)

(b) (i) Luaigh **trí** thréith atá san Iomaíocht Fhoirfe.

(ii) Scríobh nótaí gearra ar gach ceann díobh seo.

(24 marc)

(c) Is struchtúr margaidh í Iomaíocht Fhoirfe agus is beag sampla réalaíoch atá ann di ar fud an domhain. I ndáiríre, táirgeann agus díolann gnólachtaí garionadaithe.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Luaigh samplaí d'earraí ionaid do na nithe seo a leanas:

- im
- taisteal bus
- dlúthdhioscaí (CD-anna)

(iii) Luaigh agus mínigh **buntáiste eacnamaíochta amháin** dóibh seo a leanas a ghabhann le fáil a bheith ar gharionadaithe:

- tomhaltóirí;
- táirgeoirí.

(21 marc)
**[75 marc]**

**2.** Taispeánann an t-eolas thíos an t-éileamh a mheastar a bheidh ar iPod-anna sa mhargadh agus an soláthar díobh a bheidh ann.

| **Praghas €** | **Cainníocht a Éilítear (aonaid)** | **Cainníocht a Sholáthraítear (aonaid)** |
|---|---|---|
| 100 | 250 | 50 |
| 150 | 200 | 100 |
| 200 | 150 | 150 |
| 250 | 100 | 200 |
| 300 | 50 | 250 |

Bain úsáid as an eolas thuas agus as léaráid **amháin** agus:


(a) (i) Tarraing cuar éileamh an mhargaidh ar na iPod-anna;

(ii) Tarraing cuar sholáthar an mhargaidh de na iPod-anna;

(iii) Taispeáin ar do léaráid:

- Praghas cothromaíochta an mhargaidh ar na iPod-anna;
- Cainníocht chothromaíochta an mhargaidh de na iPod-anna. (30 marc)

(b) Taispeánann an léaráid thíos cuar an éilimh ar shaoire thar lear ag saoránaigh Éireannacha.




Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Cuir lipéad ar gach ceann de na línte 1 agus 2.

(ii) Cuireann na tosca seo a leanas faoi deara don chuar an éilimh thuas athrú:
- Tugann an Rialtas isteach cáin taistil €10 an ticéad;
- Drochaimsir i rith mhíonna an tsamhraidh in Éirinn.

Taispeáin conas a d'fhéadfadh **gach ceann** de na forbairtí thuas athrú a chur ar chuar an éilimh agus mínigh do fhreagra i ngach cás.
Nóta: Tá gá le léaráid **ar leith i ngach** cás.

(25 marc)

(c) Tháinig laghdú ar an éileamh ar charranna nua in Éirinn sa bhliain 2009.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíochta atá leis an bhforbairt seo.

(ii) Mínigh go hachomair conas atá an fhorbairt seo tar éis dul i gcion ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
- Tionscal Mótar na hÉireann;
- Buiséad Reatha an Rialtais. (20 marc)

**[75 marc]**

**3.** Taispeánann an Tábla thíos na costais táirgeachta ag comhlacht a tháirgeann troscán saincheaptha (a dhéantar ar ordú).

| **Líon na n-aonad aschuir** | **Costas Seasta** | **Costas Athraitheach** | **Costas Iomlán** | **Costas Imeallach** |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| 1 | 300 | 700 | 1,000 | 1,000 |
| 2 | 300 | 1,400 | 1,700 | 700 |
| 3 | 300 | 2,100 | | |
| 4 | 300 | 3,200 | | |
| 5 | 300 | 4,600 | | |

(a) (i) Bain úsáid as an tábla thuas nach bhfuil comhlánaithe ina iomláine agus ríomh:
- an costas iomlán ar aonad 3, aonad 4 agus aonad 5 a tháirgeadh.
- an costas imeallach ar aonad 3, aonad 4 agus aonad 5 a tháirgeadh.

**Taispeáin do chuid oibrithe go léir.**

(ii) Luaigh **dhá** shampla de chostais sheasta agus **dhá** shampla de chostais athraitheacha ag gnólacht troscáin.

(iii) Sainmhínigh an bhrí atá leis an téarma **costas imeallach.**

(25 marc)

(b) Tá roinnt de na costais táirgeachta ag gnólachtaí atá ag feidhmiú in Éirinn ag tosú ag titim. Tá éileamh na dtomhaltóirí ar aschur ag titim.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le costais táirgeachta a bheith ag titim.

(ii) Mol **dhá** bhealach ina bhféadfadh an rialtas iarracht a dhéanamh éileamh na dtomhaltóirí a ardú.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíocha **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar na hÉireann nuair atá éileamh na dtomhaltóirí ag titim.

(30 marc)

(c) Sa bhliain 2008 ba é €8.65 san uair an t-íosphá náisiúnta.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann oibrithe as íosphá a bheith ann.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbeadh imní ar ghnólachtaí faoi ardú san íosphá.

(20 marc)

**[75 marc]**

**4.** (a) Ullmhaíonn Aire Airgeadais an Dréachtbhuiséad Reatha seo a leanas don bhliain 2009:

| Buiséad Reatha - 2009 | | | |
|---|---|---|---|
| Ioncam Reatha an Rialtais | €5,600m | Caiteachas Reatha an Rialtais | €7,600m |

(i) Luaigh **dhá** shampla d'ioncam reatha an rialtais agus **dhá** shampla de chaiteachas reatha an rialtais.
(ii) Ríomh an tEasnamh ar an mBuiséad Reatha i gcás an Bhuiséid thuas.
**Taispeáin do chuid oibrithe.**
(iii) Dá mba thusa an tAire Airgeadais agus an tEasnamh ar an mBuiséad Reatha thuas á thuar:
- Luaigh agus mínigh **dhá** rud a dhéanfá chun cabhrú leis an easnamh a laghdú;
- Mínigh conas a rachadh **gach** rud atá luaite agat i gcion ar an gcaighdeán maireachtála laistigh den tír.

(30 marc)

(b) Tá an t-ioncam ó chánachas ag laghdú in Éirinn le tamall anuas.
(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis leis seo.
(ii) D'ardaigh an Rialtas an ráta CBL ó 21% go 21.5% i mBuiséad 2008.
Luaigh agus mínigh an tionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an ardú seo sa CBL ar gach ceann díobh seo a leanas:
- Ceannacháin tomhaltóirí;
- Buiséad Reatha an Rialtais.

(20 marc)

(c) Sainmhínítear an **Geilleagar Dubh** mar ghníomhaíocht eacnamaíochta a tharlaíonn agus nach ndéantar a thaifead agus, dá bhrí sin, nach n-áirítear í i gcuntais an ioncaim náisiúnta.

(i) Luaigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht laistigh den gheilleagar seo;
(ii) Mol **dhá** rud a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun na gníomhaíochtaí sin a stopadh.
(iii) Dá n-éireodh leis na rudaí a dhéanfadh an rialtas, luaigh agus mínigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar Bhuiséad Reatha an Rialtais.

(25 marc)
**[75 marc]**

**5.** (a) Déanann an POS (CSO) meastachán ar an Ioncam Náisiúnta d'Éirinn. Is é an t-ioncam náisiúnta ná iomlán na n-ioncam go léir a fhaightear ó na ceithre thoisc tháirgeachta in Éirinn i mbliain áirithe.
(i) Cad dó a seasann na litreacha POS?
(ii) Ainmnigh na **trí** mhodh a úsáidtear chun an tIoncam Náisiúnta a mheas.
(iii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le trí mhodh a úsáid in ionad ceann amháin chun an tIoncam Náisiúnta a mheas.

(25 marc)

(b) Tugtha: Ioncam Náisiúnta (Y) mar Y = C + I + G + X - M
mar a bhfuil C = €1,500m I = €600m G = €700m X = €150m M = €250m
(i) Luaigh cad dó a seasann na litreacha/siombailí san fhoirmle thuas.
(ii) Ríomh, agus tú ag baint úsáide as na figiúirí thuas, leibhéal an Ioncaim Náisiúnta.
**Taispeáin do chuid oibrithe**.

(20 marc)

(c) Faoi láthair, tá laghdú ag teacht ar an OTN (GNP) in aghaidh an duine i ngeilleagar na hÉireann.
(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha OTN?
(ii) Déan plé ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an laghdú seo ar an OTN in aghaidh an duine ar shaoránaigh in Éirinn.
(iii) Mol **dhá** rud a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun gníomhaíocht eacnamaíochta a spreagadh in Éirinn.

(30 marc)
**[75 marc]**

**6.** (a) Tá roinnt mhaith eacnamaithe tar éis tagairt don **'daonra atá ag liathadh'** in Éirinn, i.e. tá struchtúr an daonra in Éirinn ag éirí níos sine.
Luaigh agus mínigh conas a rachadh sé sin i gcion ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí;
- Airgeadas an Rialtais.

(20 marc)

(b) Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá dífhostaithe in Éirinn.
(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith leis seo.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an ngeilleagar.
(iii) Mol bealach **amháin** a d'fhéadfadh **gach ceann** díobh seo a leanas cabhrú leis an dífhostaíocht a laghdú.

- Tomhaltóirí Éireannacha;
- Rialtas na hÉireann.

(30 marc)

(c) Tá rátaí arda fáis sa daonra agus rátaí arda dífhostaíochta ina lán de na tíortha tearcfhorbartha (LDC-anna).
(i) Luaigh **dhá** fhadhb eacnamaíochta eile atá acu sna tíortha seo.
(ii) Scríobh nótaí gairide ar **gach ceann** díobh seo.
(iii) Déan plé ar **thrí** ghníomh a d'fhéadfadh saoránaigh Éireannacha a dhéanamh chun na fadhbanna atá á bhfulaingt ag LDC-anna a laghdú.

(25 marc)
**[75 marc]**

**7.** Ceithre cinn d'fheidhmeanna airgid iad:

- Meán malairte;
- Tomhas luacha;
- Stór saibhris;
- Caighdeán i gcomhair íocaíochtaí iarchurtha.

(a) Mínigh aon **dá cheann** de na feidhmeanna thuas. (20 marc)

(b) I rith na bliana 2008, d'ísligh BCE (ECB) na rátaí úis i gcrios an euro.
(i) Mínigh an téarma 'ráta úis'.
(ii) Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh laghdú ar rátaí úis dul i gcion ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Teaghlaigh;
- Gnólachtaí;
- Geilleagar na hÉireann.

(25 marc)

(c) Tá na rátaí úis ar thaiscí coigilteoirí ar cheann de na tosca a théann i gcion ar leibhéal <u>coigiltis</u> sa gheilleagar.
(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc, seachas an ráta úis, a d'fhéadfadh dul i gcion ar chinneadh duine coigilt a dhéanamh.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag ardú sa leibhéal coigiltis ar gheilleagar na hÉireann.

(30 marc)
**[75 marc]**

**8.** (a) Taispeánann an tábla thíos onnmhairí agus allmhairí na hÉireann le tíortha/réigiúin eile.

| | **Tíortha/Réigiúin** | **Onnmhairí sofheicthe € Milliún** | **Allmhairí sofheicthe € Milliún** | **Comhardú na Trádála € Milliún** | **Barrachas** *nó* **Easnamh** |
|---|---|---|---|---|---|
| **A** | **An Ríocht Aontaithe** | 14,500 | 17,000 | | |
| **B** | **Tíortha eile de chuid an AE** | 45,000 | 20,000 | | |
| **C** | **SAM** | 17,000 | 9,000 | ***8,000*** | ***Barrachas*** |
| **D** | **An chuid eile den domhan** | 18,000 | 16,000 | | |

(i) Bain úsáid as an tábla thuas nach bhfuil comhlánaithe ina iomláine agus ríomh Comhardú Trádála na hÉireann le gach tír/réigiún (A, B, D thuas) **agus** luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann i ngach cás.

(ii) Déan idirdhealú idir **onnmhairí sofheicthe** agus **allmhairí sofheicthe** agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

(30 marc)

(b) Braitheann Éire ar an trádáil idirnáisiúnta toisc gur geilleagar beag oscailte í.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil onnmhairí tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil allmhairí tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

(20 marc)

(c) Tugtar an t-eolas seo a leanas duit maidir leis an ráta malairte idir an euro( €) agus punt Steirling (£) na Ríochta Aontaithe.

| Bliain 1: €1 = £0.75 | Bliain 2: €1 = £0.95 |
|---|---|

Tá ardú tagtha ar an euro i gcomparáid leis an bpunt steirling ó bhliain 1.

Luaigh agus mínigh an iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú thuas ar gach ceann de **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

- Onnmhairí Éireannacha chuig an Ríocht Aontaithe;
- Allmhairí Éireannacha ón Ríocht Aontaithe;
- Fostaíocht in Éirinn;
- Saoránaigh ó Phoblacht na hÉireann ag siopadóireacht i dTuaisceart Éireann.

(25 marc)

**[75 marc]**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Leathanach Bán